# Ceannaigh Coinín

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Tomhais – airgead<br>*Comhtháthú – Teanga, Na hEalaíona, OSPS* |
| **Scileanna Forbartha** | Cumarsáid agus cur in iúl – éisteacht le cuntais agus míniúcháin mhatamaiticiúla de chuid páistí eile agus iad a phlé<br><br>Réasúnaíocht – buillí faoi thuairim a thabhairt agus trialacha a dhéanamh chun iad a thástáil<br><br>Cur i bhfeidhm – straitéisí meabhracha agus bealaí oibre a cheapadh agus a úsaid chun tascanna matamaiticiúla a chomhall |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | bonn, nóta, luach, fiche, caoga cent, euro amháin, nóta cúig euro, nóta deich euro |
| **Áiseanna** | Uirlis Airgid Mol Mata, boinn, spléach-chártaí |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Pléigh an réimse bonn atá in úsáid agus an tslí ar féidir leo a úsáid chun méideanna difriúla airgid a léiriú.

**Cluiche Taispeánta:** Socraigh na daltaí i mbeirteanna. Tabhair tacar de bhoinn do gach beirt. Scairteann an múinteoir an méid amach mar atá taispeánta ar na spléach-chártaí thíos agus caithfidh daltaí é seo a thaispeáint ag úsáid a mbonn. D'fhéadfaí an Uirlis Airgid Mol Mata a úsáid chun é seo a dhéanamh.

### 2 Gníomhaíocht 2

Dáil buiséad do na daltaí le haghaidh gníomhaíocht ealaíne. Mar shampla, beidh costas indibhidiúil ag baint le gach earraí ealaíne atá ag teastáil chun Coinín na Cásca a dhéanamh. Socraíonn daltaí costas na n-earraí indibhidiúla le chéile.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad é an t-iomlán a fuair tú nuair a shuimigh tú €5 agus 20c? srl.<br>• Cad é an t-iomlán a fuair tú nuair a shuimigh tú €1 agus 50c agus 20c?<br>• Cad é an t-iomlán a fuair tú nuair a dhealaigh tú 20c ó €5?/Cad é an difríocht idir €5 agus 20c?<br>• Cé mhéad teaglaim dhifriúil a bhí ann le haghaidh 2, ansin 3 bhonn agus nótaí? | • Cén patrún a chonaic tú nuair a chuir tú na méideanna in ord i nGníomhaíocht 1?<br>• Mínigh an tslí ar oibrigh tú an difear idir €5 agus 20c amach.<br>• An bhfuil straitéisí a d'fhéadfá a úsáid chun cabhrú leat an méid sóinseáil atá dlite duit a oibriú amach i do cheann?<br>• Cén uair a bheadh sé áisiúil duit áireamh den chineál seo a dhéanamh san fhíorshaol? |

## Difreáil

Ba cheart do na daltaí ar fad 2 bhonn nó nótaí a shuimiú agus a dhealú agus airgead a chur in ord. Tá na cleachtaí sínithe maidir leis an dá ghníomhaíocht oiriúnach do dhaltaí a dtaitníonn dúshláin leo.

| | | |
|---|---|---|
| 2p | 5p | 10p |
| 20p | 50p | £1 |
| £1.50 | £2 | 75p |
| £1.99 | £1.25 | 99p |

## Praghasliosta

| | | |
|---|---|---|
| **Súile**<br>**2p an ceann** | **Cluasa**<br>**2p an ceann** | **Srón**<br>**3p** |
| **Locaí**<br>**1p an ceann** | **Cnaipí**<br>**5p an ceann** | **Ciseán**<br>**10p** |
| **Uibheacha don chiseán**<br>**7p** | **Gach dath difriúil úsáidte**<br>**5p** | |